

☼ An Lúibín ☼

20 Aibreán 2010

Páipéir ag teastáil

An Seachtú Comhdháil Astrálach faoin Léann Ceilteach

**Ollscoil Sydney
29 Meán Fómhair – 2 Deireadh Fómhair 2010**

Tosóidh an Chomhdháil le ceiliúradh um thráthnóna Dé Céadaoin 29 Meán Fómhair. Cuirfear na seisiúin ar siúl an lá dar gcionn.

Táthar ag iarraidh páipéir scoláiriúla cúig nóiméad déag faoi ábhar ar bith a bhaineann leis an Léann Ceilteach. Ní féidir glacadh le hachomaireachtaí tar éis 7 Bealtaine 2010. Fógófar cé acu achomaireachtaí ar glacadh leo Dé Luain 31 Bealtaine 2010, agus cuirfear dréachtchlár ar fáil.

Ba chóir achomaireachtaí a chur chun Anders Ahlqvist ag aahlqvist@usyd.edu.au, agus iad 200-300 focal ar fad. Déanfaidh sé a dhícheall aon cheisteanna a fhreagairt.

Mícheál Ó hAirtnéide

A seminar on Michael Hartnett, poet in two languages.

Seimineár poiblí eile i gColáiste Newman in Ollscoil Melbourne, agus Aibhle McDaid, scoláire óg ó Chorcaigh, ag caint ar Mícheál Ó hAirtnéide (1941-1999), file as Luimneach Thiar a ghnóthaigh clú i mBéarla mar Michael Hartnett agus a shocraigh ansin ar iompú ar an nGaeilge. Lean sé air ag scríobh sa teanga sin ar feadh deich mbliana; ansin d'fhill sé ar an mBéarla.

D'éirigh leis léargas a thabhairt trína bheatha agus trína shaothar ar phráinn an scríbhneora Éireannaigh lena linn. Bhí a seanmháthair ar chainteoirí deireanacha dúchais Chontae Luimnigh, cé go ndúirt an file nár labhair sí Gaeilge leis riamh; bheadh sé ag cúlústeacht istoíche agus í ag labhairt na teanga lena cairde. Deir an file i ndán áirithe go raibh a seanmháthair saite ar fad sa seansaol. Bhain Ó hAirtnéide féin le saol nach raibh chomh socair sin.

Rud scannalach ba ea cinneadh an fhile scríobh i nGaeilge feasta agus an oiread sin scríofa cheana aige i mBéarla. Sna seachtóidí ní raibh an oiread sin measa ar an nGaeilge ná ar an bhfilíocht a bhí á scríobh inti; bhí seanghlúin filí (leithéidí Sheáin Uí Ríordáin) ag imeacht agus ní raibh an ghlúin nua (leithéidí Nuala Ní Dhomhnaill) tagtha i réim. (Dúirt duine den lucht éisteachta go bhfaca sí féin cé chomh scanraithe is a bhí daoine ag scéal Uí Airtnéide i mBaile Átha Cliath ag an am – rud a léiríonn, b'fhéidir, an tábhacht neamhchoitianta a bhaineann fós leis an bhfocal fileata in Éirinn.)

Bhí rún ag Ó hAirtnéide athcheangal a dhéanamh le traidisiún cailte – saothar Uí Bhruadair, Uí Rathaille agus eile. Ní hé gur mhian leis aithris iomlán a dhéanamh ar a saothar siúd ach tosú arís san áit ar chríochnaigh siad agus dul ar aghaidh. Ach ba dheacra an méid sin ná mar a shamhlaigh sé; dúirt sé tráth go scríobhfadh sé líne agus go bhfeicfeadh sé tamall ina dhiaidh sin gur i gcumas Béarla agus Gaeilge a bhí sí. Léiríú é, i bhfocail Ailbhe, ar chumas teanga tú a shaoradh nó a theanntú.

Mar sin féin, chum sé dánta Gaeilge a bhí (dar lena lán) níos filiúnta agus níos binne ná na leaganacha Béarla, cé go ndeirte nach mbíodh a chuid Gaeilge gan locht ar fad.

Eachtra rómánsach ba ea an filleadh úd ar an dúchas – filleadh ar an táin a d’imigh roimhe. Thug sé ómós d’Eoghan Rua Ó Súilleabháin, cumadóir aislingí:

*Do thál bó na maidine
Ceo bainne ar gach gleann
Is tháinig glór cos anall
Ó shleasa bána na mbeann*

*Chonaic mé mar scáileanna
Mo spailpíní fánacha
Is in ionad sleán nó rámhainn
Bhí rós ar ghualainn cháich¹*

Ar Theampall an Ghleanntáin thiar a thug an file a aghaidh, agus a lán leabhar ag teacht óna lámh. Ach mhéadaigh ar a fhrustrachas: bhí ag teip air an traidisiún sinseartha a shealbhú mar ba mhaith leis agus an branar a dheargadh mar ba chóir. Bhí baint aige seo, is dócha, leis na deacrachtaí a dhorchaigh a shaol – an t-ól, é ag scaradh lena bhean chéile dá bharr, agus bás a fhail d’iarsmaí an óil faoi dheireadh. An ceart, b’fhéidir, ag an gcriticeoir Declan Kiberd nuair a dúirt sé gurbh é bun agus barr an scéil nach raibh Ó hAirtneide daingnithe i gceachtar den dá theanga ach é ag síorghabháil eatarthu.² Thug sé faoi chuid de shaothar Dháibhí Uí Bhruadair, Phádraigín Haicéad agus Aogáin Uí Rathaille a thiontú go Béarla: oidhreacht á hathnochtadh.

File grá ba ea Ó hAirtneide, file staire, file dhá shaol; réitigh sé an bealach d’fhillí nua na Gaeilge agus é ina shampla fós de chaismirt chultúrtha nach bhfuil réiteach i ndán di lenár linn.



Smaointe an Aire

The new Minister for the Gaeltacht makes the expected pronouncements.

Tá an dréacht deireanach den Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge le foilsiú roimh Mhí Iúil, agus tá barúil ag Pat Carey, Aire Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta, gurb í an deis is fearr chun an teanga a chothú ar fud na tíre agus, ar ndóigh, sa Ghaeltacht.

Tá fochoiste den Choiste Oireachtais Um Ghnóthaí Ealaíon, Spóirt, Turasóireachta, Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ar a seacht dícheall ag scríobh tuarascála ar a ndúradh faoin Straitéis ag roinnt cruinnithe speisialta. (Socraíodh fadó nach dtiocfadh an Ghaeilge slán gan fochoistí.) Deir an tAire, agus an ceart aige, go bhfuil gá ag na Straitéis le tacaíocht traspháirtí.

An tseancheist i gcónaí: An bhfuil aird cheart á tabhairt ar an nGaeltacht sa Straitéis? Is é an fíorfhreagra gur iompaigh an oiread sin den aos óg ón teanga go rachadh sé rite le duine ar bith í a choinneáil ina beatha ann. Ach seo an freagra oifigiúil: Tabharfar gach tacaíocht agus gach cabhair don Ghaeltacht. Dóchas lia gach anró...

Deir an tAire go bhfuil slánú na Gaeltachta i dtaobh le cothú na teanga i measc an phobail, rud a bhí fíor go leor roinnt mhaith blianta ó shin. Is beag an difríocht a dhéanfadh sé anois, cuma cén trácht a dhéanfar ar fhorbairt agus ar dheiseanna.

¹ Féach *Adharca Broic*, Oldcastle, Meath 1978.

² Declan Kiberd, ‘The double vision of Michael Hartnett,’ *Remembering Michael Hartnett*, John McDonagh & Stephen Newman (editors), Four Courts Press 2006, lch 35.



Gaeilge na Breataine

In Britain too there are learners and users of Irish; now they have an umbrella group.

Tá *Gaeilge na Breataine* ann anois, scáthghrúpa nua dá bhfuil ag saothrú nó ag foghlaim Gaeilge in Albain agus i Sasana. I Mí na Feabhra a bunaíodh é, agus ba í Manchain áit a ghinte. Tá Éireannaigh agus a sliocht le fáil in oirthuaisceart na Breataine ó aimsir an Drochshaoil i leith agus ní raibh easpa Gaeilge ar an limistéar sin sa 19ú haois.

Ní mór an t-iontas é nach bhfuil a fhios ag aon duine cá mhéad duine atá ag gabháil don Ghaeilge sa Bhreatain – sliocht na nGael ag obair leo ina ngrúpaí nó ina ndaoine aonair, idir óg agus aosta, in Ormskirk, i mbruachbhailte Londan, i Learpholl. Níl Éire i bhfad i gcéin, agus tá acmhainní agus áiseanna le fáil ann.

Tá Gaeilgeoirí Mhanchain agus a gcairde le fáil ar an nGréasán:

<http://www.stkents.co.uk/irishlanguage.php>

<http://www.myspace.com/gaeilgeoirimanchain>

<http://www.bebo.com/gaeilgeoirimanchain>

<http://www.facebook.com/home.php?#!/profile.php?id=100000297521843>

<http://www.cne-siar.gov.uk/gaelic/multimedia/faidhleeachdraidh/naoimh/kentigern.htm>

Féach freisin alt le Tony Birtill ar an iris *Beo*, Eagrán 108, Aibreán 2010: www.beo.ie.



Tionscadal 16

Hopes for a new and comprehensive Irish-language centre in Dublin.

Tá Fondúireacht na Gaeilge agus Conradh na Gaeilge ag brath ar lárionad náisiúnta na Gaeilge a bhunú roimh 2016 i mBaile Átha Cliath. Is dóigh leo gurb é a leas é ionad a cheannach ar an bpingin is lú agus praghsanna chomh híseal sin faoi láthair. *Tionscadal 16* atá ar an scéim.

Tá an Conradh ag súil go scaoilfidh lucht gnó an sparán, go háirithe má tá ‘spriocmhargadh óg’ acu. Dúirt Breandán Mac Cormaic ó Fhondúireacht na Gaeilge gurb é an gearán is coitianta ag Gaeilgeoirí óga go meathann a gcuid Ghaeilge tar éis dóibh an scoil a fhágáil, rud a fhágann go bhfuil gá le cóngar. Táthar ag iarraidh €10 milliún: féach <http://www.fnag.ie/gaeilge/cultural/>. Beidh sé de bhuntáiste ag lucht bunaithe an lárionaid nach mbeidh lámh chiotach an stáit sa ghnó.

Tabharfar cúnaimh do phobal na Gaeilge agus d’fhoghlaimeoirí le háiseanna cultúrtha agus sóisialta, agus ní dhéanfar faillí i nGaeilgeoirí ‘ar fud na tíre agus an domhain’. Déanfar iarracht ar stádas na Gaeilge sa phríomhchathair a fheabhsú. Táthar ag súil go mbeidh seomraí ranga agus cruinnithe ann, naíolann agus naíonra, siopa leabhar, seirbhís bia, stiúideo raidió agus teilifíse, agus spás a ndóthain ag lucht riaracháin Chonradh na Gaeilge. Agus tá tábhacht leis an lárionad: ceartlár Bhaile Átha Cliath, idir an Rotunda i Sráid Uí Chonaill agus Faiche Stíofna.



Seirbhís nuachta

Nuacht24, an on-line and print magazine in Irish, now provides a daily video news service.

Tá seirbhís ilmheáin nuachta Ghaeilge ar fáil anois ag www.nuacht24.com. Seirbhís bheo í a sholáthraíonn gnéfhíseáin agus tuairiscí gan stad. Tá na físeáin á maoiniú ag an gCiste Craoltóireachta Gaeilge, agus a lán rudaí le feiceáil - cúrsaí reatha, na healaíona, féilte Gaeilge.

Tá Nuacht24 i dtaobh leis an méadú atá ag teacht ar an líon daoine a bhíonn ag amharc ar fhíseáin agus ag léamh nuachta ar líne 'as aon áit agus ag aon am'.

Ar fhoireann Nuacht24 tá Tomaí Ó Conghaile (eagarthóir na hisrise nós*, láithreoir ar *Imeall Geal*, BBC 2, iar-láithreoir le *Blas*, BBC Raidió Uladh), Eoghan Ó Néill (bunaitheoir agus iar-eagarthóir an nuachtáin *Lá*, craoltóir le Raidió Fáilte agus iar-láithreoir le BBC Raidió Uladh) agus Milene Fegan (iar-léiritheoir agus láithreoir Gaeilge le NVTV).



Géinte na hÉireann agus na Breataine

The genetic arguments of Professor Stephen Oppenheimer, aided by archeology and linguistics, have helped undermine a popular assumption – that Britain and Ireland owed their ancient cultures and languages to incoming 'Celts' from the Continent. Not so, says Oppenheimer: in both countries the DNA leads mostly back to pre-Celtic immigrants, starting with hunter gatherers from Spain who may have brought with them a language similar to Basque. England may have been largely English-speaking before the Romans, and the first Irish-speakers were farmers who lived before the Celts were heard of.

Na chéad chiníocha

Ní Ceiltigh iad na hÉireannaigh. De shliocht daoine a tháinig sa ré Neoiliteach, os cionn 7,000 bliain ó shin, is ea formhór phobal na hÉireann agus na Breataine. Ní raibh sna Ceiltigh ná sna hAngla-Shacsanaigh ach mionlaigh a tháinig thar tír isteach, ar nós na nUiginneach agus na Normannach. Seo tuairimí Stephen Oppenheimer, ollamh agus géineolaí.³ Níl siad saor ó chonspóid, ach cuireadh an-suim iontu ó thús, agus fuasclaíonn siad fadhbanna áirithe a bhaineann le hÉirinn ó thaobh na seandálaíochta de. Ní hé Oppenheimer an t-aon eolaí amháin a thaobhaíonn le teoricí den saghas seo (féach Bryan Sykes, mar shampla) ach tá iomrá leis thar mar atá leis an gcuid eile.

Taispeánann an fhianaise ghéiniteach gur tháinig dhá thrian de shinsir na mBriotanach agus na nÉireannach ina bhfiagaithe cnuasaitheoirí idir 15,000 agus 7,500 bliain ó shin. Tháinig siad tar éis leá na n-oighearchaidhpeanna agus sular tháinig an fharraige idir an Mór-Roinn agus na hoileáin thiar. Dá bhrí sin caomhnaíodh airíonna géiniteacha áirithe mar a bhí siad san oighearaois, rud a tharla freisin i dtír na mBascach. D'fhéadfadh toradh eile a bheith air seo: b'fhéidir gur labhair na fiagaithe cnuasaitheoirí úd teanga a bhí gaolmhar leis an mBascais.

Deir Oppenheimer gur tháinig imircigh nua le linn na ré Neoilití, timpeall 6,500 bliain ó shin, nuair a thosaigh an fheirmeoireacht, cé go raibh bunús Bascach fós le coimpléasc géiniteach na Sasanach agus a gcomharsan. Tháinig inimircigh eile fós agus d'fhág siad a rian ar an gcumasc géiniteach, ach níor chuir aon dhream nua níos mó ná 5% leis an gcumasc úd.

³ Tá bunús a shaothair le fáil ina leabhar, agus tá an t-ábhar achoimrithe san iris *Prospect*, Eagrán 27, 21/10/06: 'Myths of British Ancestry': <http://www.prospectmagazine.co.uk/2006/10/mythsofbritishancestry/>. Féach freisin <http://www.prospectmagazine.co.uk/2007/06/mythsofbritishancestryrevisited/>. Tá díospóireacht bhríomhar faoina shaothar ar Wikipedia: http://en.wikipedia.org/wiki/Stephen_Oppenheimer. Féach freisin: http://en.wikipedia.org/wiki/Genetic_history_of_the_British_Isles.

Is dóigh le hOppenheimer gur sa ré Neoiliteach a tugadh na teangacha Ceilteacha isteach, cé gur lú an líon daoine a shroich na críocha 'Ceilteacha' ná mar a shroich Sasana. Is í Éire an tír is lú a d'athraigh ó aimsir na bhfiagaithe cruasaitheoirí i leith, agus ise is lú a fuair inimircigh nua – níl ina sliocht siúd ach timpeall 12% den phobal. Fuair an Bhreatain Bheag agus Corn na Breataine timpeall 20%, fuair Albain agus a cuid oileán timpeall 30%, agus fuair oirthear agus deisceart Shasana an tríú cuid dá bpobal sinseartha ón taobh amuigh ar feadh an 6,500 bliain a chuaigh thart. Tá na meastacháin seo bunaithe ar línte gineadaigh na bhfear de réir an chrómasóim Y.

Na Ceiltigh

Le 200 bliain anuas tá trácht ar na Ceiltigh mar phobal ón Eoraip Láir, lastuaidh de Shliabh Alp agus den Danóib, a rinne ionradh ar an gcuid is mó d'Iarthar Eorpa san Iarannaois timpeall 300 RCh. Is cinnte go raibh an cultúr Hallstat agus an cultúr La Tène le fáil san Eoraip Láir, agus go ndéantaí airm shuntasacha agus seodra ann a raibh a leithéidí le fáil in Éirinn freisin; ach is léir nach bhfuil sna samplaí úd ach faisean cultúrtha a leath siar uaidh féin. Níl aon fhianaise ann gur tháinig na hearraí sin de bharr ionraidh, agus deir Oppenheimer nach bhfuil aon fhianaise theangeolaíoch, ghéiniteach ná sheandálaíoch ann ach oiread gurbh í an Eoraip Láir áit dhúchais na gCeilteach. Ba é iardheisceart na hEorpa an áit sin.

Deir Oppenheimer gurbh iad na Gailligh laisteas den tSéin a thugadh Ceiltigh orthu féin, más fíor d'Iúil Caesar. Sa réigiún sin, agus sa Normainn go háirithe, atá an chuid is mó d'inscríbhinní agus de logainmneacha Ceilteacha. Tá siad coitianta i ndeisceart na Fraince (ach amháin i seanchríocha Bascacha na Gascóine), sa Spáinn, sa Phortaingéil, sa Bhreatain agus in Éirinn. Is deacair, áfach, logainmneacha Ceilteacha a fháil san Eoraip Láir lastoir den Réin.

Toisc na teangacha Ceilteacha a bheith spréite mar atá siad in iardheisceart na Eorpa, is dócha gur leath siad anoir timpeall 7,000 bliain ó shin le feirmeoirí ón Anatóil a tháinig feadh chósta thuaidh na Meánmhara tríd an Iodáil, tríd an Spáinn agus tríd an bhFrainc, agus feadh an chósta Atlantaigh aneas go dtí an Bhreatain agus Éire. Tá dátaí le fáil ón tseandálaíocht, agus léiríonn an fhianaise ghéiniteach an scéal céanna tríd an gcrómasóm Y agus trí DNA miteacoindriach (mtDNA). Ait go leor, deir na seanscéalta Éireannacha gur tháinig sé dhream anall chun na hÉireann ón Spáinn idir an ré Neoiliteach agus deireadh na Cré-Umhaoise, agus gur tharla an t-ionradh deireanach 3,700 bliain ó shin.

Lucht Béarla agus Briotanaigh

Admhaíonn Oppenheimer go bhfuil an-chosúlacht idir an Fhreaslainn (an chríoch is gaire don Bhreatain) agus Sasana maidir leis an gcrómasóm Y. Áitíonn scoláirí éigin go gcruthaíonn seo gur mharaigh ionraitheoirí ó na críocha Gearmánacha cuid mhaith d'fhir na Breataine. Ach deir Oppenheimer go bhfuil an chosúlacht ghéiniteach úd le fáil i ngach tír in iarthuaisceart na hEorpa, agus is é is dóichí ná go bhfuil an stair réamhstairiúil chéanna ag na tíortha sin uile.

Thaispeáin Oppenheimer go raibh meaitseálacha géiniteacha idir Sasana agus críocha dúchais na nAngla-Shacsanach ar an Mór-Roinn, ach nach raibh iontu ach 5% de na línte fireanna atá anois ann, ach amháin in Anglia féin, áit a raibh an céatadán chomh hard le 15%. Ní raibh meaitseálacha díreacha ar bith idir Sasana agus an Fhreaslainn, rud a thabharfadh le fios nach ó na críocha úd a tháinig na hionraitheoirí. Ach is beag inimirce a rinneadh i ndáiríre, agus sa ré Neoiliteach a tháinig formhór mór na línte fireanna ginealaigh isteach. Tá an fhianaise ghéiniteach bhaineann ag cur leis seo: ar éigean atá baint idir DNA miteacoindreach (mtDNA) na Sasanach agus a leithéid sna críocha Eorpacha. Chuirfeadh seo in iúl gur scothaicme bheag a tháinig anall tar éis imeacht na Rómhánach agus nach aistriú pobail iomláin a bhí i gceist. Bheadh na taoisigh nua ag dul i ngleic le chéile ag iarraidh teann na tíre a fháil, agus an-chosúlacht chultúrtha idir iad agus na daoine a bhí ina gcónaí cheana in oirthear Shasana.

Más Ceiltigh amháin a bhí ina gcónaí as Bhreatain le linn na Rómhánach agus gurbh iad na Angla-Shacsanaigh a dhíothaigh an chuid ba mhó acu, is deacair a chreidiúint go scriosfaidís siúd gach blúire den teanga Cheilteach. Ach is beag ar fad é an méid focal Ceilteach atá le fáil i mBéarla, agus ar éigean is féidir aon inscríbhinní Ceilteacha a fháil i Sasana lasmuigh de Chorn na Breataine. Fadhb eile is ea easpa logainmneacha Ceilteacha a bheith ar oirthear na tíre. Fiú nuair a bhrúitear an bunstoc i leataobh ar fad, is gnách le cuid de na seanlogainmneacha maireachtáil – féach an Astráil, tír atá breac le logainmneacha Bundúchasacha. Deir Oppenheimer gurb é an míniú is simplí ar an scéal cainteoirí Béarla a bheith ann riamh.

Dúirt na scríbhneoirí Rómhánacha go raibh gaol ag na treibheanna laisteanas den Tamas agus ar chósta theas Shasana le Beilgigh (Belgae) na Mór-Roinne, agus tá cuma Bheilgeach ar na boinn réamh-Rómhánacha atá le fáil i ndeisceart Shasana. Deir Caesar gur tháinig an treibh sin in áit treibheanna Briotanacha eile agus gur brúdh iad siúd siar. Deir an staraí Tacitus gur beag difríocht a bhí idir teanga na mBriotanach agus teanga na nGailleach; más iad na Beilgigh a bhí i gceist sa dá chás b'fhéidir gur teanga Ghearmánach a bhí acu.

Déanann Oppenheimer tagairt don mhionscrúdú a rinne Peter Forster, géineolaí ó Chambridge, agus scoláirí ón Mór-Roinn ar fhoclóir an Bhéarla. Rinne siad amach gur scar an sean-Bhéarla agus na teangacha Gearmánacha eile ó chéile tamall maith roimh theacht na Rómhánach, rud a chuirfeadh in iúl go raibh Béarla á labhairt sa Bhreatain sular tháinig na hAngla-Shacsanaigh i dtír riamh.

Deir Oppenheimer go dtaispeánann an fhianaise ghéiniteach gur thosaigh an Gearmánú sin luath go leor, agus an oiread sin Lochlannach ag cur fúthu i dtuaisceart agus in oirthear na Breataine sa ré Neoiliteach. Deir sé go bhfuil sin ag cur go maith leis an dianmhalartú cultúrtha a bhí ar siúl timpeall na Mara Thuaidh sa ré Neoiliteach agus sa Chré-Umhaois.

Anailís na géinte

Le timpeall fiche bliain anuas tá leas á bhaint as samplaí géiniteacha ó dhaoine beo. Ar ghrúpaí fola a rinneadh taighde roimhe sin, ach is fearr an crómasóm Y agus mtDNA mar chomharthaí, mar bíonn siad sách buan ó ghlúin go glúin. Ón mbliain 2000 go dtí an bhliain 2003 bhailigh lucht taighde i Londain samplaí den chrómasóm Y ar fud na Breataine le haghaidh bunachar sonraí. Baineadh formhór na samplaí de dhaoine i seanbhailte beaga a raibh a seanaithreacha ina gcónaí rompu ann.

Tá dhá mhodh anailíse ann. Sa staidéar a rinneadh ar an gcrómasóm Y sa Bhreatain baineadh feidhm as *anailís phríomhchomhpháirteanna*, modh traidisiúnta a ligeann duit daonraí iomlána a chur i gcomórtas le chéile. Déantar castacht na hanailíse géinití a mhaolú trí mhéid mór comharthaí géiniteacha a mheánú mar 'phríomhpháirteanna' de réir mar a théann a dtábhachtacht staitistiúil i laghad. Úsáideann Oppenheimer an modh *filigeografach*, modh níos nua a rianaíonn géinte aonair seachas daonraí iomlána. Déantar mionscrúdú ar dháileadh geografach línte géiniteacha aonair chun léargas a fháil ar a mbunús, ar na dátaí agus ar chúrsaí imirce.

Tá dhá ghrúpa géiniteach den saghas R ann a scar ó chéile na mílte bliain ó shin taobh amuigh den Eoraip agus a spréigh ar bhealaí difriúla. Deir Oppenheimer gur eascair R1b ó na críocha Bascacha san oighearaois; in Iarthar Eorpa is mó atá sé le fáil, agus gan ach 20% nó níos lú de le fáil sa Rúis agus sna stáit Bhaltacha. In Oirthear Eorpa is mó atá an saghas eile (R1a1) le fáil, agus teacht air sa Lochlainn freisin. Spréigh R1b agus an grúpa máthartha H suas an cósta Atlantach i ndiaidh leá an oighir. Is mó an méid díobh a mhair sa Bhreatain agus in Éirinn ná in áiteanna eile: bhí an fharrage níos ísle ag an am agus b'fhéidir teacht anall thar mhachaire tirim. Bhí Oppenheimer in ann R1b a dhealú amach sa Bhreatain agus in Éirinn trí 'anailís bhunsinsearach' (*founder analysis*). Scrúdaigh sé haplaitíopaí STR (mar a thugtar orthu) agus tháinig sé ar bhunfhréamh is fiche ó na críocha Bascacha. Ní fhaightear a gcuid craobhóg ach amháin in Éirinn agus sa Bhreatain. Thug na Lochlannaigh a gcuid géinte leo chun Oileán Mhanann, ach ní mó an méid sin ná 25% de na géinte fireanna atá ann.

Leabhair:

Oppenheimer, Stephen (2006). *The Origins of the British: A Genetic Detective Story*. Constable and Robinson. ISBN 1845291581

Sykes, Bryan (2006). *The Blood of the Isles*. Bantam Press. ISBN 0593056523

DNA agus rianú na sinsear

Ina mhóilín fada atá DNA, agus é déanta d'aonaid shimplí atá leagtha amach in ord áirithe, saghas aibítre a chuireann eolas géiniteach in iúl. Is féidir na comharthaí sin a léamh mar *sheicheamh*, agus tugtar *ailléil* ar fhoirm ar leith de ghéin. Faigheann leanbh an méid céanna géinte ó gach tuismitheoir. Tá dhá dhual sa DNA agus freagraíonn siad dá chéile mar a dhéanfadh sipe. Is iad na *núicléitídí* fiacla na sipe, agus tá ceithre shaghas ann. Caithfidh gach núicléitíd dul i ngreim i gceann oiriúnach eile: freagraíonn G do C agus A do T. Tugtar *péirí bunaidh* orthu seo.

Tá DNA ar iompar ag na crómasóim (agus cuma snáithe, slaite nó coirnín orthu) taobh istigh de gach cill. Tá an crómasóm Y ar cheann den dá chrómasóm is cúis le hinscne duine, agus é le fáil sna fir amháin. Seachadtar DNA an chrómasóm Y ó athair go mac, rud a chuidíonn le línte fireanna ginealaigh a rianú. Tá an leanúnachas céanna ag baint le DNA na miteacointrí, orgánaigh a chónaíonn sna cealla; ó mháthair go hiníon a sheachadtar an DNA sin (DNA miteacoindreach nó mtDNA). Is féidir athruithe sa DNA a chur i gcomhoibhneas le heolas seandálaíoch agus teangeolaíoch chun imirce stairiúil a rianú.

Baintear eolas as an DNA sna crómasóim de réir comharthaí difriúla, agus tugtar *haplaitíopaí* agus *haplagrúpaí* ar na torthaí dá réir. Tá haplagrúpa ann a dtugtar UEP (*unique-event polymorphism* nó *polamorfacht aon-imeachta*) air, agus baint ag a chuid torthaí le hoidhreacht na n-imeachtaí a d'fhéadfadh tarlú uair amháin i stair na ndaoine. Is féidir feidhm a bhaint as seo chun do haplagrúpa féin a aimsiú - i.e. lena fháil amach cá bhfuil tú le fáil ar ghéaga móra ginealaigh an chine dhaonna. Baineann haplagrúpaí Y-DNA (Y = inscne fhireann) le pobail áirithe in áiteanna áirithe, rud a thugann léargas ar imirce na sinsear fireann na mílte bliain ó shin.

Tá roinnt torthaí eile ann a bhaineann le comharthaí Y-STR (*short tandem repeat* nó *athsheicheamh péireach gearr*). Sónn na comharthaí seo measartha tapa, rud a chuidíonn leis na ginealaigh is déanaí a aithint. Murab ionann is na haplagrúpaí, áfach, ní hé an toradh céanna a bhaineann le sliocht imeachta géinitigh amháin. Tá clonadh ag na haplaitíopaí Y-STR (Y = inscne fhireann) chun spré amach agus 'mogall' torthaí cosúla (ar nós mogall cnónna) a dhéanamh. Bíonn bunhaplaitíopa ann agus roinnt haplaitíopaí eile atá scoite amach uaidh.

Ach ní féidir a rá go deimhnitheach go bhfuil na sinsir chéanna ag beirt a bhfuil haplaitíopa Y-STR den saghas céanna acu. Bíonn na mogail ag éirí níos forleithne le himeacht aimisre, agus iad ag dul isteach i mogail eile atá chomh forleathan céanna. Ní foláir, mar sin, a bheith i dtaobh leis an toradh is dóichí.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@bigpond.com nó chun coling.ryan@ato.gov.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@bigpond.com or to coling.ryan@ato.gov.au.

Mícheál Ó hAirtnéide

Thug Ailbhe McDaid caint ar Mícheál Ó hAirtnéide (1941-1999), file Éireannach a scríobh i mBéarla agus i nGaeilge. Thugtaí Michael Hartnett air⁴ i mBéarla. Ní raibh Gaeilge aige ó dhúchas, ach ba chainteoir dúchais as Luimneach Thiar í a sheanmháthair. Tháinig clú ar Ó hAirtnéide mar fhile Béarla, agus bhí daoine scanraithe nuair a shocraigh sé ar scríobh i nGaeilge amháin sna seachtóidí.⁵ Ní raibh mórán measa⁶ ag daoine ar litríocht na Gaeilge ag an am. Chuaigh sé ar ais go dtí Teampall an Ghleanntáin i Luimneach Thiar agus d'fhoilsigh a lán filíochta i nGaeilge. Bhí sé ag iarraidh⁷ nasc a dhéanamh idir filí an tseansaol agus filíocht Ghaeilge an lae inniu. D'éirigh sé as faoi dheireadh agus gruaim air, agus thosaigh ag scríobh i mBéarla arís. Dúradh faoi⁸ nach raibh baint iomlán aige le Gaeilge ná le Béarla. Fuair sé bás den ól, ach tá cuimhne air mar dhuine de na filí comhaimseartha ab fhearr in Éirinn.

Smaointe an Aire

Tá an dréacht deireanach den Straitéis 20 Bliain le críochnú sul i bhfad, agus dúirt Pat Carey, an tAire nua Gaeltachta, go raibh súil aige go rachadh sé ar sochar do⁹ phobal na Gaeilge go léir. Pléadh¹⁰ an Straitéis ag roinnt cruinnithe speisialta agus tá tuarascáil á scríobh dá bharr. Deir an tAire gur ceart do gach páirtí tacaíocht a thabhairt don Straitéis, agus gur gá an teanga a threisiú¹¹ sa Ghaeltacht agus i saol an phobail mhóir araon. Ach is dócha anois go bhfuil an Ghaeltacht ról ag fad.

Gaeilge na Breataine

Tá scáthghrúpa¹² nua ag Gaeilgeoirí i Sasana agus in Albain: Gaeilge na Breataine. Bunaíodh é i Manchain i Mí na Feabhra. Tá mórán daoine ag foghlaim Gaeilge sa Bhreatain; tá baint ag cuid acu le grúpaí, agus tá cuid eile ag foghlaim na teanga uathu féin. Is mór an cúnamh dóibh an Bhreatain agus Éire a bheith in aice a chéile, buntáiste nach bhfuil ag foghlaimoírí i dtíortha eile.

Tionscadal 16

Tá dhá eagraíocht, Fundúireacht na Gaeilge agus Conradh na Gaeilge, ag iarraidh lárionad¹³ Gaeilge a chur ar bun¹⁴ i lár Bhaile Átha Cliath faoin mbliain 2016. Tugt ar Tionscadal 16 ar an scéim seo. Beidh áiseanna¹⁵ cultúrtha agus sóisialta ann, agus déanfar iarracht ar¹⁶ stádas na Gaeilge sa phríomhchathair a fheabhsú. Tá siad ag súil gur féidir airgead a fháil ó lucht gnó¹⁷ sa chathair chuige¹⁸.

Seirbhís nuachta

Tá seirbhís nuachta Ghaeilge ar fáil anois ag www.nuacht24.com. Seirbhís bheo í a chuireann físeáin¹⁹ agus tuairiscí ar fáil. Tá a lán rudaí le feiceáil - cúrsaí reatha²⁰, na healaíona²¹, féilte²² Gaeilge. Tá níos mó daoine ag féachaunt ar fhíseáin agus ag léamh nuachta ar líne anois, agus tá an tseirbhís nua beo.

⁴ He was called... (literally: he used to be called)

⁵ sna seachtóidí - in the seventies

⁶ measa: meas - respect

⁷ ag iarraidh - trying

⁸ dúradh faoi – it was said about him

⁹ that it would benefit

¹⁰ was discussed

¹¹ an teanga a threisiú – strengthen the language

¹² scáthghrúpa – umbrella group

¹³ lárionad - centre

¹⁴ cuir ar bun – found, establish

¹⁵ áiseanna: áis - facility

¹⁶ déanfar iarracht ar – it will be attempted

¹⁷ lucht gnó – business people

¹⁸ chuige – for the purpose

¹⁹ físeáin - videos

²⁰ cúrsaí reatha – current events

²¹ na healaíona – the arts

²² féilte - festivals

Géinte na hÉireann agus na Breataine

Bhain an tOllamh Stephen Oppenheimer, géineolaí Sasanach, tairbhe as²³ an gcrómasóm Y²⁴ (atá le fáil sna fir) agus DNA miteacoindreach²⁵ (a thagann anuas sna mná ó ghlúin go glúin) chun sinsir²⁶ na nGael agus na mBriotanach a rianú. Deir sé go mbaineann an chuid is mó de shinsir mhuintir na hÉireann agus na Breataine le²⁷ fiagaithe cnuasaitheoirí²⁸ a tháinig isteach idir 15,000 agus 7,500 bliain ó shin. Tháinig siad i ndeireadh na hoighearaoise²⁹ sular éirigh an fharraige idir an Mór-Roinn agus na Breataine.

Ó thír na mBascach³⁰ a tháinig na chéad daoine úd, agus b'fhéidir go raibh sean-Bhascais acu mar theanga. Tháinig teangacha nua (bunús na dteangacha 'Ceilteacha') timpeall 7,000 bliain ó shin le feirmeoirí ón Anatóil³¹ (mar a bhfuil an Tuirc anois). Tháinig na daoine úd feadh³² na Meánmhara agus feadh an chósta Atlantaigh go dtí an Bhreatain agus Éire. Deir Oppenheimer go ndeimhníonn³³ an tseandálaíocht³⁴ agus an fhianaise ghéiniteach³⁵ é seo.

Nuair a tháinig na Rómhánaigh chun na Breataine dúirt said go raibh gaol idir na treibheanna in oirthear na tíre agus Beilgigh na Gaille. B'fhéidir gur teanga Ghearmánach a bhí acu. Rinne scoláirí Sasanacha staidéar ar an gceist seo, agus rinne siad amach³⁶ gur scar an sean-Bhéarla ó na teangacha Gearmánacha eile tamall fada sular tháinig na Rómhánaigh. Chuirfeadh sin in iúl³⁷ go raibh Béarla á labhairt sa Bhreatain sular tháinig na hAngla-Shacsanaigh. Deir Oppenheimer go dtaispeánann an fhianaise ghéiniteach freisin gur tháinig Lochlannaigh³⁸ anall freisin chun tuaisceart agus oirthear na Breataine sa ré Neoiliteach³⁹, tamall an-fhada roimh theacht na nUiginneach⁴⁰.

²³ bain tairbhe as – make good use of

²⁴ crómasóm Y - Y chromosome

²⁵ DNA miteacoindriach - mitochondrial DNA

²⁶ sinsir: sinsear - forebear

²⁷ bain le – be connected to

²⁸ fiagaithe cnuasaitheoirí – hunter gatherers

²⁹ oighearaoise: oighearaois – ice age

³⁰ Bascach - Basque

³¹ an Anatóil - Anatolia

³² feadh - along

³³ deimhníonn - affirms

³⁴ seandálaíocht – archaeology

³⁵ fianaise ghéiniteach – genetic evidence

³⁶ rinne said amach – they determined

³⁷ chuirfeadh sin in iúl – that would suggest

³⁸ Lochlannaigh – Scandinavians

³⁹ an ré Neoiliteach – the Neolithic period

⁴⁰ Uiginneach - Viking